# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 24 MEITHEAMH — MAIDIN, 9.30 go 12.00

Líon Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ IAD SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist)**

### ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar an gcion a rinne na Sofaistí sa tSean-Ghréig d'fhorbairt na fealsúnachta. (40 marc)



*Foinse: www.google images*

b) Déan comparáid idir an tslí ina dtugtar aghaidh ar bhrí na beatha in **dhá** mhiotas ón ré ársa a bhfuil staidéar déanta agat orthu. (40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

a) *Is féidir forbairt luachanna neamhreiligiúnacha pobail a rianú siar go dtí pointe ama amhail teacht chun cinn an daonnachais, an eiseachais etc.*

Déan próifíl de conas a chuir **dhá** phointe ama dá leithéid le forbairt luachanna neamhreiligiúnacha pobail. (40 marc)

b) Déan scrúdú ar an ról a d'imir an t-ildiachas i scéal bunaithe ceann **amháin** de reiligiúin aondiacha domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.


**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**

a) Scrúdaigh **dhá** shlí a ndeachaigh Aiséirí Íosa i bhfeidhm ar na chéad Chríostaithe. (40 marc)

b) Déan próifíl den tuiscint ar Íosa atá le fáil i saothar **beirt** scríbhneoirí a bhfuil leabhar scríofa acu faoin gCríostaíocht sa lá atá inniu ann. (40 marc)



*Foinse: Softkey Multimedia Inc.*

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

a) Déan comparáid idir an chaoi ina n-eagraítear na baill ag an leibhéal áitiúil i **ngach** ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN GIÚDACHAS (40 marc)

b) *Féadfaidh saol an lae inniu in Éirinn dúshlán na reiligiún domhanda a thabhairt.*

Pléigh cruinneas an ráitis seo maidir le **dhá** cheann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

(40 marc)

### ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina ndéantar cearta an duine aonair a chothromú leis an gcoincheap ‘an leas coiteann’ i sampla **amháin** den dlí sibhialta a bhfuil staidéar déanta agat air. (40 marc)

b) Pléigh na róil a imríonn an coinsias agus an tsaoirse mhorálta i bhforbairt duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de. (40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**Freagair a) agus b) i *nó* ii *nó* iii *nó* iv.**

a) ● AN BHITHEOLAÍOCHT ● AN FHEALSÚNACHT ● AN tSÍCEOLAÍOCHT ● AN tSOCHEOLAÍOCHT

Pléigh an méid a chuir **dhá** cheann díobh sin thuas leis an gcaoi a dtuigtear inscne sa lá atá inniu ann.

(40 marc)

b) i. Déan comparáid idir an pháirt i stair an tslánaithe a bhí ag **beirt** bhan a n-insítear a scéalta sna Scrioptúir Eabhraise.

***nó***

ii. Scrúdaigh an tábhacht do Chríostaithe an lae inniu a bhaineann le **dhá** theagmháil idir Íosa agus mná a bhfuil cur síos déanta orthu sna Scrioptúir Chríostaí.

***nó***

iii. ● SOISCÉAL MHATHA ● SOISCÉAL MHARCAIS ● SOISCÉAL LÚCÁIS ● SOISCÉAL EOIN

Cuir an léiriú ar Mhuire, máthair Íosa, atá i gceann **amháin** de na soiscéalta thuas i gcomparáid leis an gcaoi a mbreathnaítear uirthi i sainaicme Chríostaí sa lá atá inniu ann.

***nó***

iv. Déan próifíl de conas a chuir inscne duine **amháin** nó grúpa **amháin** lena n-eispéireas den chumhachtú *nó* den tsaoirse i mór-reiligiún domhanda.

(40 marc)


### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

**Freagair a) agus b).**

a) *Is gné thábhachtach de litríocht an Bhíobla í an scéalaíocht.*

Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat do scéal Iób *nó* do cheann amháin de pharabail Íosa.

(40 marc)



*Foinse: Softkey Multimedia Inc.*

b) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuir fionnachtana seandálaíochta leis an gcaoi a dtuigtear an Bíobla sa lá atá inniu ann.

(40 marc)

## ROINN I REILIGIÚN: TAITHÍ NA hÉIREANN

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** threocht atá le feiceáil i bpatrún an chleachtais reiligiúnaigh i measc daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann. (40 marc)

b)

- Reiligiún Spioradáltacht agus Talamh
- Reiligiún Spioradáltacht agus Manachas
- Reiligiún Spioradáltacht agus Leasuithe
- Reiligiún agus Tuairimí na hEagnaíochta

Déan an tionchar a bhí ag ceann **amháin** díobh sin thuas ar an gCríostaíocht in Éirinn a mheas.

(40 marc)

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

- Dia na mBearnaí
- Dia an Cruthaitheoir

Pléigh tionchar **gach** ceann de na híomhánna thuas de Dhia ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.

(80 marc)

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**